☸An Lúibín☸

15 Bealtaine 2021

Teacht agus imeacht
A notable publisher departs, a notable academic arrives.

Murach an t-údar agus foilsitheoir Micheál Ó Conghaile ní bheadh Cló Iar-Chonnacht ann, ceann de na comhlachtaí foilsitheoireachta is torthúla in Éirinn ó 1985 i leith agus díol ar a chuid earraí, idir leabhair agus cheol, pé áit a bhfuil Gaeilgeoirí le fáil. Deirdre Ní Thuathail a thiocfaidh in ionad Mhíchíl agus díreoidh seisean breis airde ar a chuid scríbhneoireachta féin. Beidh sé ina ghníomhaire liteartha ag Cló Iar-Chonnacht fós. (Ba é CIC a d'fhoilsigh leabhar le heagarthóir *An Lúibín*.) Tá a lán leabhar foilsithe aige féin – *Sna Fir*, *An Fear Nach nDéanann Gáire* agus eile – agus an-mheas air mar scríbhneoir.

Tá agallamh leis ar Adhmhaidin (RnaG) nasctha leis an ríomhphost agus tagairt déanta aige do na deacrachtaí dáileacháin atá ann go fóill sa bhaile.

Is ollamh le Nua-Ghaeilge Regina Ní Chollatáin i Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. As Leitir Ceanainn i gContae Dhún na nGall di. Bhunaigh sí MA Scríobh agus Cumarsáid agus Lárionad de Bhaldraithe do Léann na Gaeilge sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Bronnadh ollúnacht chuairte shinsearach uirthi ó Fhondúireacht Ollscoileanna Éireann Cheanada 2012-13 agus bronnadh Comhaltacht Nicholas O'Donnell, Ollscoil Melbourne, uirthi in 2019. Ar an 5 Bealtaine 2021 ceapadh í mar Chathaoirleach ar Fhoras na Gaeilge. Go n-éirí léi sa phost nua.

♦❖♦❖♦❖♦

An tríú leibhéal i nGaeilge
It has been claimed that Ireland needs a new tertiary institution that functions entirely through Irish. This would indirectly benefit the language in other countries where Irish is used.

Is gearr go raibh cuntas ag Tuairisc.ie ar thuairimí an iar-Aire Gaeltachta Éamon Ó Cuív (fear nach minic tuairimí in easnamh air) faoi institiúid tríú leibhéal neamhspleách a bhunú sa Ghaeltacht, amhail Institiúid Oideachais Marino nó Coláiste Mhuire Gan Smál i Luimneach.[1] Tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ann mar rannóg de chuid Ollscoil na hÉireann (OÉ) Gaillimh, ar an gCeathrú Rua, i gCarna agus i nGaoth Dobhair, ach is dóigh le Ó Cuív go bhfuil OÉ Gaillimh cosúil le haon ollscoil Bhéarla eile anois. Tá i bhfad níos mó daoine ag freastal ar institiúidí tríú leibhéal ná mar a bhí roimhe agus géarghá le hinstitiúid lán-Ghaeilge dá réir.

Luíonn sin le réasún. Tá sé de nós ag *An Lúibín* stádas na Gaeilge ar fud an domhain a chur san áireamh, agus tá dlúthbhaint ag an stádas sin le neart na Gaeilge in institiúidí léinn in Éirinn, go háirithe agus Éireannaigh oilte ag tabhairt a n-aghaidh ar thíortha eile (cuimhnímis ar Chlár Fulbright). Tá sé de bhuntáiste ag an nGaeilge mar theanga mhionlaigh go bhfuil an oiread sin daoine oilte á húsáid, agus ní foláir an buntáiste sin a chur abhaile. Ní hé an Stát a 'shábhálfaidh' an teanga i ndeireadh i ndeireadh na dála ach na Gaeilgeoirí féin, agus is ceart go mbeadh deis acu buntáistí an léinn a roinnt orthu féin chomh maith le cách. Ní bheidh an Ghaeilge ina teanga ilfheidhmeach gan chúnamh an tríú leibhéal.

Ba mhaith le Ó Cuív an institiúid nua a chur ar bun sa Ghaeltacht. Ach níl sé soiléir cén 'Ghaeltacht' atá i dtreis aige. An ceann a bhí ann caoga bliain ó shin tá sé imithe, in éineacht leis an iomad cainteoirí dúchais, idir óg agus aosta, agus le cultúr láidir pobail. An Ghaeltacht atá fágtha ní neartóidh sí an institiúid, agus tá sé ró-dhéanach anois an Ghaeltacht féin a neartú. Is nádúrtha an rud é don iar-Aire Gaeltachta cion a bheith aige ar an rud a bhíodh faoina chúram aige. Ach d'fhéadfaí an coláiste nua a chur ar bun i mBaile Átha Cliath nó i gCorcaigh agus bheadh sé chomh maith céanna.

Cé nach mór an meas atá ag Ó Cuív ar dhearcadh OÉ Gaillimh i leith na Gaeilge, rinne Uachtarán na hinstitiúide sin, Ciarán Ó hÓgartaigh, cosaint chróga ar a raibh á dhéanamh in agallamh a rinne sé ar Adhmhaidin (RnaG) ar an 7 Bealtaine 2021. Mhaígh sé go raibh soiléiriú déanta ag an Ollscoil faoin riachtanas Gaeilge a theastaíonn le

[1] https://tuairisc.ie/ta-se-in-am-do-cholaiste-gaeilge-neamhspleach-agus-buille-maraithe-na-muice-buailte-ar-an-teanga-in-oe-gaillimh-o-cuiv/

poist a líonadh san Ollscoil: 'An rud atá ann go bhfuil muid ag iarraidh anois go mbeadh Gaeilge go líofa i ngach aonad de chuid na hollscoile, agus mar chuid de sin, go mbeadh ar a laghad duine amháin i ngach aonad a mbeadh Gaeilge líofa acu'. Dúirt sé freisin: 'Tá seirbhís trí Ghaeilge le fáil i ngach aon aonad díobh siúd go mbíonn baint ag na baill foirne leo, na baill foirne agus na mic léinn'. D'áitigh sé go raibh dul chun cinn á dhéanamh seachas cúlú, agus nuair a cuireadh in iúl go mb'fhéidir go mbíodh an cúpla focal níos coitianta ná an líofacht, dúirt an tÓgartach go tréan gur caighdeán ard atá ag teastáil anois.

♦❖♦❖♦❖♦

An ghnáth-theip
The frustrations experienced by two Chinese-born Irish-speaking academics who sought citizenship through Irish illustrate (yet again) basic failures in the services available in the language.

San Astráil tá an Ghaeilge ar cheann de na teangacha Eorpacha is luaithe a bhain an tír amach, i ndeireadh an 18ú haois. Tá cainteoirí ann riamh ó shin, ach ní mhaíonn duine ar bith gur chun tosaigh atá an teanga ar bhealach ar bith, cé go bhfuil gníomhaithe ar a seacht ndícheall. In Éirinn, áfach, tá an teanga i lár an aonaigh agus ar imeall an aonaigh in éineacht. Tá an débhríochas le fáil sa Bhunreacht féin (Airteagal 8): *1 Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í; 2 Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile; 3 Ach féadfar socrú a dhéanamh le dlí d'fhonn* ***ceachtar den dá theanga sin*** *a bheith ina haonteanga le haghaidh aon ghnó nó gnóthaí oifigiúla ar fud an Stáit ar fad nó in aon chuid de.*

Bhí an Tadhg-an-dá-thaobhachas sin le feiceáil i scéal a tarraingíodh aird air fiú sna meáin Bhéarla, agus b'ait an scéal é. Beirt neamhchoitianta ón iasacht a bhí i gceist: an Dr Qiu Fangzhe agus a bhean chéile Feng Lijing. Tá an Dr Qiu ina léachtóir agus ina ollamh cúnta i Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis in UCD. É ina chónaí in Éirinn ó 2011 i leith agus Gaeilge aige. Tá an Dr Peng ina hantrapeolaí teangeolaíoch agus ina léachtóir cúnta i gColáiste na Tríonóide. Í ina cónaí in Éirinn ó 2008 i leith. As Guangzhou sa tSín don Dr Qiu, agus tháinig sé trasna ar an nGaeilge nuair a cheannaigh sé ceirnín le Clannad agus Gaeilge ar a chlúdach. Chuidigh sin le cor a chur ina shaol agus bhain sé céim amach sa Léann Ceilteach san Ísiltír dá bharr.

Chuir siad iarratas ar shaoránacht isteach i Mí Mheán Fómhair 2020. Trí mhí ina dhiaidh sin, i Mí na Nollag, cuireadh a bpasanna ar ais chucu agus gan dada déanta chun a n-iarratas a phróiseáil. I Mí Mhárta 2021 dúradh leo go mbeadh orthu foirmeacha Béarla a úsáid toisc nach raibh an fhoirm nua Ghaeilge ar fáil. D'éirigh leo faoi dheireadh an t-iarratas a chur isteach i nGaeilge. Ní gá a rá nach raibh an bheirt ró-shásta lenar thit amach, ach léirigh an scéal an ghnáthfhadhb a bhaineann leis an nGaeilge ina tír dhúchais – í a bheith fágtha i gcónaí in áit na leathphingine. Ní hé gur cóir tús áite a thabhairt do Ghaeilgeoirí ach níl sé thar chumas an Stáit an cothrom a dhéanamh leo.

♦❖♦❖♦❖♦

Easpa muiníne namhaid na Gaeilge
Irish people spend hours at school learning Irish, then claim that they hardly know it. But research shows that they know far more than they realise. What they lack is the confidence to use it.

Ní in Éirinn amháin atá an fhadhb ach i ngach tír ina bhfaighfeá inimircigh ó Éirinn: daoine a rinne staidéar ar an nGaeilge leis na blianta fada ach a bhfuil drogall orthu an t-eolas sin a úsáid. Tá Sean Barry ag déanamh PhD i dTeangeolaíocht Fheidhmeach i gColáiste Mhuire Gan Smál i Luimneach agus é ag déanamh taighde ar an tuairim atá ag na hÉireanaigh ar a gcumas i nGaeilge. Ligeadh é isteach i roinn státseirbhíse chun agallamh a chur ar dhaoine agus a dhéanamh amach dá réir cén difríocht a bhí ann idir a dtuairim ar a líofacht agus a bhfíorlíofacht.[2]

Ní raibh súil aige le roinnt de na rudaí a fuair sé amach. Bhí daoine ann a fuair a gcuid meánscolaíochta trí Ghaeilge ach a raibh drogall orthu a rá go raibh cumas comhrá acu. Bhí ionadh orthu nuair a d'éirigh leo an teanga a labhairt agus a tuigeadh iad. Bhí daoine eile a dúirt nach Gaeilge ar bith acu ach a thosaigh ag labhairt cúpla focal i rith an agallaimh agus a rinne athmheas ar an méid Gaeilge a bhí acu de réir mar a mhéadaigh ar a muinín iontu féin. Deir Barry gur deacair a chreidiúint go gcaithfeadh daoine ceithre bliana déag nó mar sin ag foghlaim Gaeilge (abair 2,000 uair an chloig) ach go bhfágfaidís an scoil agus gan Gaeilge ar bith acu. Déanta na fírinne, tá an teanga istigh iontu agus is féidir í a athmhúscailt.

Deir sé gur iomaí duine a chuireann iad féin i gcomórtas le cainteoir idéalaithe, rud nach ndéanfaí, is dócha, agus Gearmáinis nó Fraincis i gceist. Is trua nach dtugtar aird sa Daonáireamh ar chumas éisteachta nó ar chumas léitheoireachta chomh maith le cumas cainte.

[2] 'Local buachaill takes a closer look at the Irish language,' *Waterford News*, 18/2/2021: https://waterford-news.ie/2021/02/18/local-buachaill-takes-closer-look-at-the-irish-language/

An chuid is mó díobh siúd ar chuir sé agallamh orthu chuir siad síos ar conas a d'fhoghlaim siad Gaeilge ar scoil. Bhí locht ar an teagasc: dhéanfaidís na daltaí dearmaid ach ní déarfaí leo conas na dearmaid sin a sheachaint feasta, rud a chuirfeadh drochmhisneach orthu. Deir Barry gurb é an bealach is fearr chun triail a bhaint as an teanga aird a dhíriú ar rudaí beaga – éisteacht le ceannlínte nuachta ar TG4, cuntas a thabhairt ar an aimsir, ciall a bhaint as foirm shimplí. Nuair atá a fhios ag daoine cén t-eolas atá acu cheana, beidh sé de mhisneach acu dul ar thóir an chuid den teanga atá i bhfolach fós ina gcuimhne acu.

Is cinnte gur gá daltai a chur ag labhairt na teanga sa rang, sna bunscoileanna go háirithe – rud ba chóir a dhéanamh le teanga ar bith agus i dtír ar bith. Is í an chaint féin a spreagann an chaint.

♦❖♦❖♦❖♦

An Timpeallacht

A new report from Australia describes the dire consequences for that country (and by implication for the world) of a couple of degrees of further warming. Amelioration is possible, but no more than that. Now is the time for planning to begin.

I Mí Mhárta 2021 d'fhoilsigh Acadamh Eolaíochta na hAstráile tuarascáil: *The Risks to Australia of a 3°C Warmer World*.[3] Is beag sólás atá le fáil ann don Astráil agus don chruinne.

Mura n-éireoidh linn astúcháin a laghdú mar a socraíodh, beidh méadú 3°C ar mheánteocht an domhain faoin gcuid deiridh den aois seo. Tá téamh dá leithéid i bhfad níos airde ná an téamh ar féidir linn déileáil leis, nó sin mar a shíltear. Tá rian an téimh chomh soiléir san Astráil is atá sé in áiteanna eile: an dochar a dhéantar d'éiceachórais, agus triomach, tinte, speicis ionracha, galracha. Tá speicis ar lorg gnáthóga nua ach ní éiríonn leo cos a choinneáil leis an athrú i gcónaí, go háirithe i leagan amach tíreolaíoch na hAstráile. Tá ardú agus téamh na farraige ag géarú stoirmeacha agus ag déanamh dochar do sceireanna agus do choillte mangróbh.

Fágfaidh an téamh a rian ar chúrsaí turasóireachta agus áineasa san Astráil. Mar shampla, bhain an geilleagar $54 billiún as turasóireacht sna blianta 2016-2017 agus dúil ar leith ag cuairteoirí idirnáisiúnta i gcúrsaí dúlra: tránna, fiadhúlra, an Mhórsceir Bhacainneach, limistéir fiántais agus páirceanna náisiúnta. Ar na héiceachórais eile atá i mbaol tá na cinn a chothaíonn foraoiseacht, talmhaíocht (go háirithe barraí a bpailníonn beacha iad) agus iascaireacht. Is dócha go sárófar an tairseach criticiúil ina lán córas nádúrtha de réir mar a éireoidh an téamh 1.5°C os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha. Má bhíonn ardú 2°C ann déanfar an-damáiste don Mhórsceir Bhacainneach agus do pháirc náisiúnta Kakadu. Má bhaintear 3°C amach rachaidh a lán éiceachóras ó aithne.

Tá beagnach 90% de phobal na hAstráile ina gcónaí sna cathracha, agus bainfidh na fadhbanna seo dóibh sin freisin. Is féidir an scéal a mhaolú, áfach, ós fusa fadhbanna a fhuascailt ar dhóigheanna nua i ndlúthlimistéar uirbeach. Is féidir tairbhe a bhaint as pleananna a chuireann fuarú éighníomhach san áireamh trí bhreis crann a chur agus a leithéid, cé go mb'fhéidir gur ghá draenacha áir a athchóiriú dá réir.

Tá pointí claochlaithe ann. Sainmhinítear pointe claochlaithe mar chuid shuntasach de Chóras an Domhain, rud a d'fhéadfadh tairseach criticiúil a bhaint amach agus athrach beag ag cur athrach mór ar siúl dá bharr. Sa chás sin is féidir le hathruithe treisiú lena chéile taobh istigh den chóras. Mar shampla, cuireann leá an oighear mhara san Artach dlús le téamh réigiúnach (toisc go súnn uisce dorcha farraige níos mó radaíochta gréine isteach ná mar a dhéanann oighear frithchaiteach mara), agus cuireann an téamh sin dlús le leá oighearchlúid na Gríonlainne. Taispeánann an samhaltú aeráide is déanaí go gcuirfidh an Ghríonlainn inti féin mórán méadar le leibhéal na farraige agus téamh ann atá níos mó ná 2°C. Má sháraítear tairseach áirithe ní féidir an leá a chur ar gcúl: nuair a leánn an oighearchlúid íslíonn airde an mhill oighir, agus dá ísle í is ea is mó a théann an t-aer bog i bhfeidhm ar dhromchla an oighir, rud is cúis le méadú ar an leá.

Ar éigean a bheifeá an bithsféar nua a aithint le hais an domhain a bhfuil taithí againn air le deich míle bliain anuas agus a chuaigh chomh mór sin chun tairbhe dúinn. Ar éigean a bheidh an teicneolaíocht is nua in ann aige; is iomaí áit ina mbeidh sé thar a bheith deacair cónaí ann. Fiú tar éis go gcuirfear srian le gáis ceaptha teasa agus le teochtaí dromchla, leanfaidh na haigéin orthu ag éirí níos teo go ceann na gcéadta bliain. Scriosfar an chuid is mó de na sceireanna coiréil (70% ar a laghad) fiú mura mbeidh ann ach ardú 1.5°C.

San Astráil is dócha go ndéanfar timpeall milliún speiceas d'ainmhithe agus de phlandaí a dhíothú, go minic i gceann scór blianta nó mar sin.

[3] https://www.science.org.au/files/userfiles/support/reports-and-plans/2021/risks-australia-three-deg-warmer-world-report.pdf

Is féidir leis an Astráil í féin a chur in oiriúint don saol nua. Is féidir na séasúir churaíochta a athrú, barraí a chur a fhásann níos luaithe agus a bhfuil fréamhacha níos fearr acu, nó neamhchuraíocht a chleachtadh chun taise a choinneáil san ithir. Is féidir féaránaigh a thabhairt isteach ar thalamh curadóireachta agus barraí a chur in áiteanna nua. Níl ina leithéid ach maolú ar thoradh an athraigh aeráide; ní fhéadann na hathruithe an fhadhb a fhuascailt.

Tá sé le tuiscint ón méid thuas nach foláir anois torthaí an téimh dhomhanda a scrúdú chomh fuarchúiseach agus is féidir . Glacaimis leis go gcaillfear na mílte speiceas agus go gcaithfidh na sluaite daoine éalú dá míle buíochas. Ansin déanaimis machnamh ar cibé mbris is féidir a thabhairt isteach. Saothar in aisce cuid mhaith den obair a dhéanann gníomhaithe comhshaoil agus iad ag iarraidh speicis an domhain a shábháil; ach cuireann an obair sin i gcuimhne dúinn nach scriosfar gach a bhfuil ann agus nár chaill dream an mhisnigh riamh.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun *rianach@optusnet.com.au.*

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dán le Julie Breathnach-Banwait, file a tógadh i gCeantar na nOileán i gConamara agus atá ina cónaí anois san Astráil Thiar. D'fhoilsigh Coiscéim Dánta Póca *in 2020.*

Doirteadh na gainimhe

Curtha faoi gheasa
Ag doirteadh na gainimhe
A chruinneas
A leanúnachas
A shnítheacht chomh saor
A dhromchla mín
A mhódh cleachtadh
An tuarthacht
Is fíochmhar an doirteadh
An sileadh ciúin
Le cuspóir
I bhfad i mo dhiaidhsa

Dhá dhán le Colin Ryan (Melbourne). D'fhoilsigh Coiscéim Corraí na Nathrach *in 2017.*

Rince

An é seo an rince a chaithfear a dhéanamh
a shíl sí agus a cosa ag corraí
á tabhairt in airde thar na díonta
suas thar néalta spéire
agus na reanna na reanna
ag casadh gan stad ina dtost
í féin ina rinn ag rince
i nduibheagán domhain gan lár
ag cur di na réaltraí geala
na griana roimpi amach
í ag súil lena macasamhail féin
ón éigríoch chuici aniar
rinn neimhe ag rince ag rince
gan filleadh gan filleadh arís

Ciúnas

An doras ann
an staighre
an solas isteach
trí dhathanna gloine
agus an ciúnas
a d'fhág an té a chuaigh
in airde fadó
ina dhiaidh